Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Aibreán 2022**
**(OR. fr, en)**

**7861/22**

**CULT 39**
**SUSTDEV 76**
**DIGIT 74**
**SAN 204**
**EDUC 117**
**RECH 171**
**VISA 64**
**SOC 208**
**FISC 91**
**ENV 319**
**TRANS 210**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6756/22 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le ‘Malartuithe idirchultúrtha a threisiú trí shoghluaisteacht ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, agus tríd an ilteangachas sa ré dhigiteach’ |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le ‘Malartuithe idirchultúrtha a threisiú trí shoghluaisteacht ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, agus tríd an ilteangachas sa ré dhigiteach’, a d’fhormheas an Chomhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt an 4 Aibreán 2022.

.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**

**an**

**Malartuithe idirchultúrtha a threisiú trí shoghluaisteacht ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, agus tríd an ilteangachas sa ré dhigiteach**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AG FÉACHAINT DON MHÉID SEO A LEANAS

1. Gné dhílis den Aontas Eorpach agus dá luachanna bunúsacha is ea an éagsúlacht chultúrtha agus teanga. Cuireann an éagsúlacht sin le bláthú na cruthaitheachta, leis an tsaoirse chruthaitheach, le malartuithe cultúrtha agus le héagsúlacht agus cáilíocht na tairisceana cultúrtha agus ealaíonta do gach Eorpach. Cuireann sí tuiscint fhrithpháirteach agus meas ar chultúir agus ar theangacha chun cinn, agus is oidhreacht chomhroinnte, saibhreas, neart, agus saintréith den chaidreamh laistigh den Eoraip agus leis an gcuid eile den domhan í;

2. Tá sé bunriachtanach soghluaisteacht agus malartuithe a spreagadh idir ealaíontóirí, eagraíochtaí cultúrtha agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha Eorpacha, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon, mar atá cumhdaithe sa chlár Eoraip na Cruthaitheachta, go háirithe i ndiaidh ghéarchéim phaindéim COVID-19. Tá sé bunriachtanach freisin tacú le rochtain ar an gcultúr agus le scaipeadh saothar cultúrtha laistigh den Eoraip ionas go saibhreofar an saol dúinn mar dhaoine aonair agus mar chomhphobal;

3. Ba cheart soghluaisteacht ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha a éascú, ní hamháin i measc eagraíochtaí cultúrtha na hEorpa, ach i measc ealaíontóirí agus gairmithe aonair freisin, mar atá tarlaithe trí threoirthionscadail i-Portunus ó 2018 i leith. Cuireann an tsoghluaisteacht sin ar a gcumas comhoibriú agus comhchruthú le chéile, líonrú a dhéanamh, inniúlachtaí, scileanna agus teicnící nua a fháil, inspioráid a lorg, lucht féachana nua agus margaí nua a shroicheadh, agus rochtain a fháil ar dheiseanna gairme nua.

4. Is féidir le soghluaisteacht ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha leas a bhaint as deiseanna amhail scéimeanna cónaithe agus líonraí Eorpacha na n-institiúidí nó na bhféilte. Is féidir an tsoghluaisteacht sin a éascú go háirithe trí fhaisnéis chuimsitheach, chruinn, ilteangach a chur ar fáil faoi na scéimeanna soghluaisteachta atá ann cheana, faoin gcúnamh atá ar fáil, agus faoi chláir ina gcuirtear comhthéacs foriomlán na soghluaisteachta san áireamh;

5. Rannchuidíonn scéimeanna soghluaisteachta Eorpacha le comhpháirtíochtaí a bhunú agus a chothú ar réamhriachtanas iad agus iarratas á dhéanamh ar mhaoiniú le haghaidh tionscadail comhair de chuid Eoraip na Cruthaitheachta;

6. Le beartas uaillmhianach maidir le héagsúlacht chultúrtha agus teanga, ba cheart saincheisteanna inbhuanaitheachta a chomhtháthú go hiomlán agus tarraingt ar nuálaíocht theicneolaíoch, lena n-áirítear sa réimse digiteach;

7. Cothaíonn an t-ilteangachas[1] an éagsúlacht chultúrtha agus an chruthaitheacht, lena n-áirítear i réimse an chlosamhairc, na meán agus an ábhair dhigitigh, agus tugann sé rochtain níos leithne ar chineálacha éagsúla cur chuige, saothair, eolais agus smaointe cultúrtha. Is sócmhainn thábhachtach i gcomhthéacs domhandaithe í an inniúlacht teangacha (plúraitheangachas[2]) agus rannchuidíonn sí le soghluaisteacht ghairmiúil agus le malartuithe in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta;

8. Bíonn ról nach beag ag aistritheoirí gairmiúla, ag ateangairí gairmiúla agus ag oideachasóirí teanga gairmiúla i gcúrsaíocht saothar ealaíne, eolais agus smaointe, go háirithe i gcás teangacha Eorpacha nach bhfuil chomh forleathan sin, rud a thacaíonn le héagsúlacht chultúrtha na hEorpa ar bhonn laethúil;

---

[1] Is é sin le rá roinnt teangacha a bheith le fáil laistigh de shochaí nó de chríoch ar leith, nó ar mheán ar leith, agus iad ag maireachtáil bonn ar bhonn le chéile.

[2] Is é sin le rá an cumas a bheith ag duine roinnt teangacha a úsáid.

9. Is féidir le teicneolaíochtaí teanga agus gréasáin shéimeantaigh tacú leis an ilteangachas agus le cumarsáid thrastheangach; cuidiú le teangacha a fhoghlaim agus a theagasc agus le feasacht teangacha; agus uirlisí úsáideacha a chur ar fáil d'aistritheoirí gairmiúla, agus é á chur san áireamh nach féidir leis na huirlisí sin aistriúchán an duine a ionadú go hiomlán agus, dá bhrí sin, nach mór faireachán cúramach a dhéanamh ar a n-aschur agus an t-aschur sin a oiriúnú ar mhaithe le cruinneas;

## I. SOGHLUAISTEACHT EALAÍONTÓIRÍ AGUS GAIRMITHE CULTÚRTHA AGUS CRUTHAITHEACHA

IARRANN SÍ AR AN GCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

10. Rochtain níos leithne a áirithiú d'ealaíontóirí agus do ghairmithe cultúrtha cruthaitheacha ar dheontais soghluaisteachta an Aontais laistigh d'Eoraip na Cruthaitheachta trí bhíthin scéim chobhsaí ar an leibhéal Eorpach don tsoghluaisteacht chultúrtha aonair agus chomhchoiteann, laistigh agus lasmuigh den Aontas Eorpach, chun na dinimicí a cruthaíodh trí na treoirthionscadail i-Portunus a chur chun cinn;

11. Féachaint ar bhealaí chun tairseach faisnéise inrochtana, idirghníomhach, ilteangach a fhorbairt, bunaithe a mhéid agus is féidir ar thionscnaimh atá ann cheana agus tairseacha atá ann cheana amhail EURAXESS[3], CulturEU[4] agus tairseacha eile mar inspioráid aici, lena gcuirfí faisnéis chuimsitheach atá cothrom le dáta ar fáil faoi dheiseanna soghluaisteachta agus deontais atá ar fáil ó na Ballstáit agus ar an leibhéal Eorpach, do dhaoine aonair, do ghrúpaí daoine aonair agus d'eagraíochtaí cultúrtha, i gcás inarb ábhartha, mar aon le tacú le líonrú i gcás eagraíochtaí nó ionad agus ina gcás siúd a bhfuil an tsoghluaisteacht á lorg acu;

12. Rannchuidiú le tacú agus le líonrú seirbhísí faisnéise soghluaisteachta d'ealaíontóirí agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha;

13. A áirithiú go gcuirfear san áireamh i scéimeanna soghluaisteachta na hEorpa an comhionannas inscne agus riachtanais shonracha ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn agus ealaíontóirí ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste nó a mbíonn níos lú deiseanna acu, ar daoine iad ar lú an leas a bhaineann siad as scéimeanna soghluaisteachta atá ann cheana, agus tacaíocht shaincheaptha a chur ar fáil dóibh;

---

[3] https://euraxess.ec.europa.eu/
[4] https://ec.europa.eu/culture/funding/cultureu-funding-guide

14. An éagsúlacht teanga a chur chun cinn agus a chothú go gníomhach i scéimeanna soghluaisteachta do mhic léinn ealaíne, d'ealaíontóirí agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, ar mhaithe le soghluaisteacht fhisiciúil agus fhíorúil araon, agus cur, i gcás inarb ábhartha, le samhlacha atá ann cheana amhail an t-ardán Tacaíochta Teanga ar Líne[5] a forbraíodh do Erasmus+ agus don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach;

<u>IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:</u>

15. Scéimeanna soghluaisteachta a fhorbairt nó leanúint leo, in éineacht le tionscnaimh nó cláir an Aontais, chun soghluaisteacht agus malartuithe a éascú idir ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha Eorpacha a mhéid is féidir;

16. Comhar a chur chun cinn idir na húdaráis chultúrtha agus iad siúd atá freagrach as saincheisteanna a bhaineann le soghluaisteacht, mar shampla víosaí a eisiúint, chun féachaint ar na roghanna féideartha chun saintréithe soghluaisteachta ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha a chur san áireamh;

17. Obair a spreagadh chun an tsoghluaisteacht trasteorann a éascú tríd an ualach riaracháin a laghdú, i ndáil le slándáil shóisialta, árachas, tithíocht, custam nó cánachas, mar shampla, agus sainiúlachtaí ghairmeacha an chultúir agus na cruthaitheachta á gcur san áireamh ar bhealach níos fearr, agus leas á bhaint, i gcás inarb iomchuí, as torthaí an ghrúpa um an modh oscailte comhordúcháin (MOC)[6] maidir le stádas agus coinníollacha oibre ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha;

18. Soláthar agus neartú seirbhísí faisnéise soghluaisteachta d'ealaíontóirí agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, mar aon le tacaíocht dóibh a chur chun cinn, chun cabhrú leo foirmiúlachtaí soghluaisteachta, agus go háirithe faisnéis a sholáthar dóibh maidir leis an gcreat rialála is infheidhme, trí idirchaidreamh a dhéanamh leis na húdaráis ábhartha;

---

[5] https://erasmus-plus.ec.europa.eu/resources-and-tools/online-linguistic-support

[6] Modh oscailte comhordúcháin. Bunaítear grúpaí MOC faoi chuimsiú an Phlean Oibre don Chultúir 2019-2022 (IO C 460, 21.12.2018, lch. 12).

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN GCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH AGUS I GCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

19. Soghluaisteacht ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha a éascú, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar a riachtanais shonracha taistil, amhail uirlisí ceoil nó ábhar ealaíne a iompar, agus éagsúlacht agus cuimsitheacht á gcur san áireamh ag an am céanna;

20. Cláir shoghluaisteachta a chur chun cinn lena gcuirfear san áireamh, d’ainneoin leibhéil an rialachais a dhéanfar orthu, na costais taistil uile agus lena ndéanfar saincheisteanna éiceolaíocha a chomhtháthú go leordhóthanach, agus éagsúlacht gheografach agus saintréithe an Aontais á meas, agus an méid seo a leanas go háirithe á chur chun cinn:

– an tsoghluaisteacht chumaisc trí leas a bhaint as malartuithe fíorúla, ag féachaint go cuí d’éagsúlacht teanga na rannpháirtithe agus do luach intreach na soghluaisteachta fisicí, agus

– modhanna iompair nach bhfuil chomh truaillitheach a úsáid, gan cosc a chur ar chásanna inarb é an t-aeriompar an t-aon rogha amháin nó an rogha riachtanach, amhail i gcás na réigiún is forimeallaí[7], na dtíortha agus na gcríoch thar lear[8], na n-oileán agus na gceantar oileánach;

21. Feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as uirlisí chun tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil[9] ag gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, go háirithe trí na sineirgí leis na cláir Erasmus+ agus Eoraip na Cruthaitheachta agus eatarthu a threisiú, chun sainiúlachtaí na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha a chur san áireamh ar bhealach níos fearr;

---

[7] Arna sainaithint in Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

[8] Arna sainaithint in Airteagal 198 agus Iarscríbhinn II den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

[9] Arna sainaithint i bpointe 1 d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um spórt agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013, (IO L 189, 28.5.2021, lch. 1).

## II. AN TILTEANGACHAS SA RÉ DHIGITEACH, MAR A BHAINEANN LE CÚRSAÍ COMHTHÁTHAITHE SÓISIALTA AGUS SAORÁNACHTA EORPAÍ

IARRANN SÍ AR AN GCOIMISIÚN AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:

22. Príomhshruthú an ilteangachais i gcláir an Aontais a neartú;

23. Cur chuige straitéiseach uile-Aontais maidir leis an ilteangachas sa timpeallacht dhigiteach a chur chun cinn;

24. Leanúint de na deiseanna a thugann teicneolaíochtaí teanga dúinn a thapú chun a áirithiú go mbeidh níos mó den aistriúchán ardchaighdeáin go teangacha oifigiúla uile an Aontais le feiceáil ar a shuíomhanna gréasáin agus ar uirlisí cumarsáide eile[10];

25. Spás faisnéise ilteangach a chur ar fáil maidir le teicneolaíochtaí teanga Eorpacha agus tacaíocht agus acmhainní gaolmhara, lena n-áirítear scéimeanna Eorpacha don ilteangachas agus don aistriúchán, i gcomhar le comhlachtaí amhail Cónaidhm Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta Teanga (EFNIL);

26. Rialachas sonraí agus príobháideachas trí dhearadh freagrach eiticiúil a chur chun cinn sna hiarrachtaí a dhéantar teangacha a neartú tríd an teicneolaíocht;

27. An comhar a neartú le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá gníomhach i réimsí na foghlama teanga, na teicneolaíochta digití, agus na héagsúlachta cultúrtha agus teanga, […] go háirithe le Comhairle na hEorpa agus a Lárionad Eorpach um Nuatheangacha, chomh maith le UNESCO;

---

10 Mar a shainítear i Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 17, 6.10.1958, lgh. 385-386), arna leasú.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN GCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AGUS I GCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

28. An éagsúlacht chultúrtha agus teanga, mar aon le scaipeadh saothar cultúrtha mar aistriúcháin, a chur chun cinn trí gach meán dá bhfuil ar fáil, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, leas a bhaint as na teicneolaíochtaí digiteacha is déanaí, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) Gairm an aistritheora a chur chun cinn san oideachas, ar scoil i dtosach trí leas a bhaint as an aistriúchán mar cheann de na cleachtais lena gcuirtear feabhas ar na scileanna scríbhneoireachta agus teanga;

b) Oiliúint tosaigh ardchaighdeáin a spreagadh san aistriúchán d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, mar aon le hoiliúint ar feadh an tsaoil d'aistritheoirí gairmiúla, agus an úsáid níos mó atá á baint as teicneolaíochtaí digiteacha á cur san áireamh;

c) Tarraingteacht ghairm an aistritheora a neartú trí infheictheacht agus aitheantas níos mó a thabhairt;

d) Dálaí oibre níos fearr, luach saothair cothrom agus cleachtais chóra chonarthacha d'aistritheoirí a spreagadh, go háirithe in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, gan beann ar na teaglamaí teangacha agus le haird chuí ar neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta;

e) An tacaíocht a thugann an pobal cheana féin a neartú, go háirithe trí líonrú a chothú idir gairmithe, trí chomhar a spreagadh idir eagraíochtaí ábhartha a chuireann deontais ar fáil don aistriúchán, agus trí dhíriú ar chistiú a chur ar fáil le haghaidh aistriúcháin ó theangacha iasachta agus go teangacha iasachta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach;

f) Leanúint de thuairimí a mhalartú sna fóraim iomchuí maidir leis an ilteangachas agus le haistriú na meán uile sa ré dhigiteach, agus earnálacha an chultúir, na cruthaitheachta agus eolais á gcumhdach;

29. An plúraitheangachas a chur chun cinn san fhoghlaim ar feadh an tsaoil trí[11], *inter alia*, fheachtais feasachta amhail Lá Eorpach na dTeangacha agus uirlisí digiteacha a fhorbairt agus a fheabhsú, agus go háirithe:

a) Níos mó deiseanna a chur ar fáil do leanaí agus don óige, lena n-áirítear iad siúd ar lú na deiseanna a bhíonn acu, chun taithí a fháil ar theangacha agus ar chultúir eile, de réir mar is iomchuí, agus mar chomhlánú ar fhoghlaim theangacha oifigiúla na mBallstát;

b) Scileanna teanga a fhorbairt i measc mic agus iníonacha léinn sna réimsí cultúrtha, agus i measc ealaíontóirí agus gairmithe cultúir agus cruthaitheachta;

c) A éascú d'imircigh, agus go háirithe imircigh óga, teangacha oifigiúla a dtíre óstaí a fhoghlaim, agus urraim á tabhairt ag an am céanna don éagsúlacht teanga;

30. Tacú, i gcás inarb ábhartha, leis an taighde agus leis an bhforbairt ar theicneolaíochtaí teanga do shaoránaigh agus cuideachtaí Eorpacha chun malartuithe idirchultúrtha a chothú agus an acmhainneacht anailíse a fheabhsú, agus na hacmhainní agus na hardáin atá ann cheana á bhforbairt ag an am céanna, agus go háirithe:

a) Spás Sonraí Teanga Eorpach a chruthú agus a chur chun cinn, mar ardán malartaithe Eorpach le haghaidh fiontraithe, infheisteoirí, taighdeoirí agus údaráis phoiblí chun cruthú, bailiú, (ath)úsáid agus comhroinnt acmhainní, uirlisí agus samhlacha teanga a éascú agus luachanna an Aontais maidir le príobháideachas, trédhearcacht agus muinín á gcomhlíonadh go hiomlán;

b) Tacú le bunachair sonraí agus acmhainní téarmaíochta ilteangacha a bhunú agus le húsáid níos leithne na n-ardán atá ann cheana, amhail IATE, chomh maith le bonneagair theanga agus ilteangachais Eorpacha, amhail CLARIN ERIC, d'fhonn bailiú, glanadh agus rochtain sonraí digiteacha maidir le teanga a leathnú, idir shonraí téacsúla agus sonraí ó bhéal;

[11] I gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019 maidir le cur chuige cuimsitheach i leith múineadh agus foghlaim teangacha (IO C 189, 5.6.2019, lch. 15).

c) Forbairt agus úsáid córas aistriúcháin uathoibrithe, agus, i gcás inarb iomchuí, faireachán orthu, a spreagadh, lena n-áirítear an tseirbhís eTranslation, do theangacha oifigiúla uile an Aontais, mar aon le huirlisí teanga eile ar an leibhéal Eorpach, agus sineirgí a lorg leis an líonra um Chomhordú Acmhainní Teanga Eorpach (ELRC), leis an tionscadal um Eangach Teanga Eorpach (ELG) agus leis an Spás Sonraí Teanga Eorpach amach anseo;

d) Cóineasú scéimeanna taighde agus nuálaíochta a chothú, agus réimsí lena gcur i bhfeidhm a shainaithint, agus an taighde a nascadh níos fearr le riachtanais cuideachtaí agus saoránach i réimse na dteicneolaíochtaí teanga don aistriúchán, don phróiseáil ilteangach agus anailíseach;

e) Feasacht a mhúscailt i measc cuideachtaí maidir leis na tairbhí a bhaineann le teicneolaíochtaí teanga a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh i dteangacha oifigiúla éagsúla an Aontais;

f) Rannpháirtíocht níos mó aistritheoirí gairmiúla i bhforbairt na dteicneolaíochtaí aistriúcháin dhigitigh a chur chun cinn;

31. Rochtain ilteangach a chur chun cinn ar inneachar digitithe Eorpach trí bhíthin teicneolaíochtaí nua trí mheiteashonraí a shaibhriú agus eispéiris ilteangacha a chur ar fáil maidir le hinneachar eagarthóireachta agus comhéadain úsáideora; I ndáil leis an méid sin, forbairt a dhéanamh ar an taighde agus an obair atá déanta ag ardáin dhigiteacha amhail Europeana;

32. Ardchleachtais a mhalartú agus cur chun feidhme na gconclúidí seo faoi 2025 a mheas.

## TAGAIRTÍ

***Conarthaí AE***

An Conradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 3(3) de: ‘Urramóidh sé [an tAontas] saibhreas a éagsúlachta cultúrtha agus teanga, agus áiritheoidh sé go ndéanfar oidhreacht chultúrtha na hEorpa a chaomhnú agus a fheabhsú.’

An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 165, 166 agus 167, go háirithe Airteagal 167(4) de: ‘Tabharfaidh an tAontas aird ar ghnéithe cultúrtha ina ghníomhaíocht faoi fhorálacha eile na gConarthaí, go háirithe d’fhonn éagsúlacht a chuid cultúr a urramú agus a chur ar aghaidh.’

An Chairt um Chearta Bunúsacha, agus go háirithe Airteagal 22 di: ‘Déanfaidh an tAontas an éagsúlacht chultúrtha, reiligiúnach agus teanga a urramú.’

***An Chomhairle Eorpach***

Conclúidí ón gComhairle Eorpach (an 14 Nollaig 2017) (EUCO 19/1/17 REV 1, roinn II maidir le hOideachas agus Cultúr, an tríú mír ar leathanach 4)[12]

[12] ‘Iarrann an Chomhairle Eorpach freisin ar an gCoimisiún, an Chomhairle agus na Ballstáit breathnú ar bhearta a d’fhéadfaí a ghlacadh agus ina ndíreofaí ar an méid seo a leanas: [...] na creatchoinníollacha dlíthiúla agus airgeadais le haghaidh fhorbairt na dtionscal cultúrtha agus na dtionscal cruthaitheach agus le haghaidh shoghluaisteacht na ngairmithe in earnáil an chultúir.’

*Comhairle an Aontais Eorpaigh*

Conclúidí ón gComhairle an 22 Bealtaine 2008 maidir leis an ilteangachas (IO C 140/10, 6.6.2008, lch. 14)

Conclúidí ón gComhairle an 22 Bealtaine 2008 maidir le hinniúlachtaí idirchultúrtha (IO C 141, 7.6.2008, lch. 14)

Rún ón gComhairle maidir le straitéis Eorpach don ilteangachas (IO C 320, 16.12.2008, lch. 1)

Conclúidí ón gComhairle maidir le seirbhísí faisnéise um shoghluaisteacht le haghaidh ealaíontóirí agus le haghaidh proifisiúnach cultúir (IO C 175, 15.6.2011, lch. 5)

Conclúidí ón gComhairle maidir le hinniúlachtaí teanga chun an tsoghluaisteacht a fheabhsú (IO C 372, 20.12.2011, lch. 27)

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ilteangachas agus inniúlachtaí teanga a fhorbairt (IO C 183, 14.6.2014, lch. 26)

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPlean Oibre don Chultúr 2019-2022 (IO C 460, 21.12.2018, lch. 12)

Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019 maidir le cur chuige cuimsitheach i leith múineadh agus foghlaim teangacha (IO C 189, 5.6.2019, lch. 15)

Conclúidí ón gComhairle maidir le téarnamh, athléimneacht agus inbhuaine na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheachta (IO C 209, 2.6.2021, lch. 3)

*Grúpaí saineolaithe um modh oscailte comhordúcháin*

Tuarascáil bheartais ina moltar cúig phríomhphrionsabal maidir le creat láidir a fhorbairt agus a chothabháil chun tacú le soghluaisteacht ealaíontóirí agus proifisiúnach cultúir (2012)

*Policy Handbook on Artists' Residencies* [Lámhleabhar Beartais maidir le Cónaitheachtaí Ealaíontóirí] (2014)

*Translators on the cover* [Aistritheoirí ar an gclúdach]. Tuarascáil na meithle um modh oscailte comhordúcháin atá comhdhéanta de shaineolaithe ó Bhallstáit an Aontais (2022)

***An Coimisiún Eorpach***

Ilteangachas: acmhainn don Eoraip agus gealltanas comhroinnte (COM(2008) 566 final)

Treoirlínte (Caighdeáin Faisnéise Soghluaisteachta) maidir le caighdeáin cháilíochta chun faisnéis agus seirbhísí comhairleacha a bhunú d'ealaíontóirí agus do ghairmithe cultúir, arna n-eisiúint ag an meitheal (2011)

*A New European Agenda for Culture* [Clár Oibre nua Eorpach don Chultúr] (COM(2018) 267 final)[13]

Moladh maidir le spás coiteann sonraí Eorpach don oidhreacht chultúrtha (IO L 401, 12.11.2021, lgh. 5-16)

***'Voices of Culture'* [Guthanna an Chultúir] *idirphlé struchtúrtha***

Tuarascáil tobsmaointeoireachta Ghuthanna an Chultúir *Culture and the United Nations Sustainable Development Goals*: *Challenges and Opportunities* [An cultúr agus spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe: dúshláin agus deiseanna] (2021)

Tuarascáil tobsmaointeoireachta Ghuthanna an Chultúir *Status and Working Conditions for Artists, Cultural and Creative Professionals* [Tuarascáil 'Stádas agus Dálaí Oibre d'Ealaíontóirí, Gairmithe Cultúir agus Cruthaitheachta][14] (2021)

***Parlaimint na hEorpa***

An intleacht shaorga san oideachas, sa chultúr agus san earnáil closamhairc (2020/2017(INI))

Comhionannas teangacha san aois dhigiteach (2018/2028(INI))

Staid ealaíontóirí agus an téarnaimh chultúrtha in AE (2020/2261(INI))

Téarnamh cultúrtha na hEorpa (2020/2708(RSP))

***UNESCO***

An Coinbhinsiún ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn (2005)[15]

---

13 Roinn 4. Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí Straitéiseacha, 4.1 'An ghné shóisialta – leas a bhaint as cumhacht an chultúir agus na héagsúlachta cultúrtha don chomhtháthú sóisialta agus don dea-bhail (an dara fleasc) 'Soghluaisteacht gairmithe a spreagadh in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus bacainní ar a soghluaisteacht a bhaint' (aistriúchán neamhoifigiúil).

14 Caibidil 4 '*Mobility (Physical, Greener, Digital, Blended, Regulations, Obstacles)* [Soghluaisteacht (Fisiciúil, Níos Glaise, Digiteach, Cumaisc, Rialacháin, Bacainní)].

15 Airteagal 14 'Déanfaidh na páirtithe iarracht tacú leis an gcomhar [...] chun teacht chun cinn earnáil chultúrtha dhinimiciúil a chothú trí [...]
(a) neartú na dtionscal cultúrtha i dtíortha i mbéal forbartha trí: […]
(v) tacaíocht a sholáthar do shaothar cruthaitheach agus soghluaisteacht ealaíontóirí ón domhan i mbéal forbartha a éascú, a mhéid is féidir;' (aistriúchán neamhoifigiúil)